



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



SEICLIOSTA DE GHNÍOMHARTHA BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA SAN ÁIT OIBRE

Is féidir go leor airgid a shabháil má chinntítear go ndéantar dramhaíl a bhainistiú i gceart i ngnólacht. Tá sé tábhachtach an méid agus an cinéal dramhaíola a tháirgeann tú a shainaithint. Nuair a dhéanfar é sin, tá sé in am ansin féachaint ar an dramhaíl gur féidir a chosc. Ba chóir na hábhair go léir atá oiriúnach d'athchúrsáil a dheighilt ag an bhfoinse agus a stóráil go cuí. Is féidir le go leor gnólachtaí 10% a shábháil ar a gcostais dramhaíola trí réitigh dramhaíola a chur i bhfeidhm ar chostas íseal nó nach mbaineann costas ar bith leo.

DRAMHAÍL BIA

Má bhaineann do ghnólacht le bia, ba chóir go dtabharfa túis áite do dhrámhaíl bia a laghdú, mar go bhfeabhsóidh sé sin d'fheidhmíocht chomhshaoil agus sábháilfidh sé airgead. Níl aon ghá le hinfheistíocht – níl i gceist ach roinnt nósanna simplí a chur i bhfeidhm.

BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:
Sinéad Ní Mhainín nó Mark Molloy
An Rannóg Timpeallachta
Cemhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoraoisí inbhuanaithe



GINEARÁLTA

- Bíodh a fhios agat an méid dramhaíola a bhíonn á dhiúscairt agat
- Bíodh a fhios agat an costas a bhaineann le dramhaíl a dhiúscairt
- Ainmnigh duine chun monatóireacht a dhéanamh ar dramhaíl
- Cinntigh go ndéantar a mhéad athchúrsála agus is féidir larr ar sholáthróirí pacáistiú inathúsáidte a úsáid
- Déan monatóireacht ar láimhseáil dramhaíola ag an bhfoinse
- Déan bealaí a aithint chun do dhramhaíl bia a laghdú
- Déan bailiú foirne a oiliúint maidir le deighilt ag an bhfoinse

PACÁISTIÚ

- larr ar sholáthróirí pacáistiú a íoslaghdú
- Déan cairtchlár agus plaisteach a dhlúthú
- Úsáid páipéar mionstailta mar inlínadh
- Déan bulc-cheannach

CEAINTÍN

- Bíodh do dhóthain gabhdán athchúrsála ar fud na háite
- Déan liosta de nithe in-athúsáidte/in-athchúrsáilte
- Úsáid sceanra agus gréithe neamh-indiúscartha
- Déan dramhaíl orgánach a mhúiríní
- Féach ar rialú codanna – má tá siad ró-mhór is cur amú atá ann
- Tabhair isteach polasaí rothlaithe stoic
- Déan bia i gcoimeádáin inathúsáidte a lipéadú agus cuir dáta orthu
- Gearr síos ar dhramhaíl bia trí bhia a fholúshpacáil
- Déan fuíollach bia a úsáid nuair is cuí

OIFIG

- Déan dramhpháipéar a athúsáid
- Seol post nach bhfuil uait ar ais agus bain d'ainm ó bhunachair shonraí poist nach bhfuil tú ag iarraidh a bheith orthu
- Bunaigh pointe bailiúcháin lárnach
- Úsáid ríomhphost agus cláir feasacháin do cumarsáid oifige
- Spreag daoine chun priontáil agus fótachóipeáil a dhéanamh ar dhá thaobh den pháipéar
- Cas as an rogha don bhileog cumhdaigh ar fhacsanna
- Déan cartúis printéirí agus tónóirí a athchúrsáil
- Úsáid clúdaigh litreach inathúsáidte idir-oifige